



# Eleathanach 447



Dé Luain, an 23 Deireadh Fómhair 2023



## Corn an Domhain sa Rugbaí

Bhí díomá ar fhoireann na hÉireann agus a lucht tacaíochta nuair a chaill siad sa chluiche rugbaí an tseachtain seo caite. Bhí siad ag imirt i gcoinne na Nua-Shéalainne i Stad de France, i bPáras.

Ní raibh ach ceithre phointe idir na foirne, ach ar an lá bhí an Nua-Shéalainn níos fearr.

Is é seo an bhliain dheireanach do chaptaen na foirne Johnny Sexton. Bhí sé ag súil le deis a fháil a bheith ag imirt sa bhabhta leathcheannais den chomórtas, ach ní mar sin a tharla.

Chomh maith leis an Nua-Shéalainn, tá an Fhrainc, Fidsí agus Sasana fós sa chomórtas. Beidh an cluiche ceannais ar siúl ar an 28 Deireadh Fómhair.

## Cosc ar ghealra san Eoraip

Ón tseachtain seo caite, tá riail nua san Eoraip chun bruscar micreaplaisteach a laghdú. Bíonn sé an-dainséarach do na hainmhithe agus na héin nuair a théann sé isteach san fharraige.

Mar chuid den riail nua, tá cosc ar ghealra plaisteach. Bhí eagla ar dhaoine nach mbeadh aon ghealra ar fáil, ach tá cead ann fós gealra atá níos fearr don timpeallacht a cheannach. Ní bhaineann an riail ach le gealra plaisteach.

Tuigeann muid go léir go bhfuil sé an-tábhachtach aire a thabhairt don timpeallacht agus beidh muid in ann gealra nádúrtha a cheannach as seo amach.



gealra

Cosc ar mhálaí  
plaisteacha  
aonúsáide



## Junior Eurovision 2024

Bíonn an clár *Junior Eurovision* ar TG4 gach bliain chun amhránaí a roghnú don chomórtas Eorpach. I mbliana, den dara huair, bhí deis ag muintir na tíre vótáil chun iomaitheoir na bliana a roghnú.

Bhuaigh Jessica McKean an comórtas agus beidh sí ag canadh ar son na hÉireann i Nice sa Fhrainc an mhí seo chugainn.

Tá Jessica deich mbliana d'aois agus is í an duine is óige chun an comórtas Éireannach a bhuaich. Canfaidh Jessica an t-amhrán *Aisling* sa chomórtas Eorpach.

Anuraidh ba í Sophie Lennon iomaitheoir na hÉireann. Tháinig sí sa cheathrú háit sa chomórtas. Ba é sin an toradh is fearr riamh d'Éirinn.



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-  
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,  
BÁC 7

